


# Bileog Oibre - Cásanna sláinteachais

| | |
|---|---|
| 1. | Tá athair mic léinn tinn faoi láthair agus mar gheall ar sin, ní raibh deis ag an mac léinn a (h)éide scoile a ní le cúpla seachtain anuas. Tá boladh ón éide scoile. |
| 2. | Tháinig fuil mhíosta mic léinn uirthi ar scoil. Ní raibh aon chosaint shláintíoch aici agus tá náire uirthi labhairt leis an múinteoir. |
| 3. | Tá slaghdán ar mhic léinn agus tá sé nó sí ag casacht agus ag sraothartach. |
| 4. | Tá go leor spotaí ar aghaidh mic léinn. Síleann an mac léinn gurb é an plean is fearr iad a fhágáil mar atá. |
| 5. | Bíonn brionglóid fhliuch ag mac léinn anois is arís ach bíonn sé róthuirseach ar maidin chun é féin a ní agus ní bhacann sé lena fo-éadaí a athrú ó lá go chéile fiú. |
| 6. | Tá fuil mhíosta mic léinn tosaithe agus tá sí ag úsáid súitíní. Uaireanta bíonn an súitín in úsáid don lá ar fad, agus nuair a bhaintear amach é, caitear síos an leithreas é. |
| 7. | Thug mac léinn faoi deara go bhfuil sé ag cur níos mó allais, fiú nuair nach mbíonn sé ag imirt spóirt. |
| 8. | Rinne mac léinn dearmad ar a scuab fiacla a thabhairt abhaile i ndiaidh a bheith ar saoire. Tá sí anois ag úsáid cibé scuab fiacla agus is mian léi sa seomra folctha. |
| 9. | Bíonn mac léinn an-neirbhíseach sa seomra ranga agus bíonn sé ag ithe a ingne i gcónaí. |
| 10. | Tá mac léinn tosaithe á bhearradh féin. Ní bhíonn dóthain airgid aige i gcónaí chun rásúr nua a cheannach agus uaireanta úsáideann sé rásúr a fhaigheann sé sa seomra folctha. |




